Droch-aimsir

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoin droch-aimsir ar ball. Sula bhféachann tú ar an tuairisc áfach, deán plé leis an duine in aice leat ar a bhfuil ar eolas agaibh faoi na scéalta nuachta seo a leanas:

Ganntanas uisce sa tír
Scoileanna na tíre a bheith dúnta
Cúrsaí taistil sa tír

Ceist 2 Féach ar an mhír anois agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na frásaí seo a aimsiú. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat.

1. emergency committee _____
2. to discuss _____
3. local authorities _____
4. to limit _____
5. reservoirs _____
6. warning _____
7. doing their best _____
8. normal practice _____
9. weather conditions _____
10. thawing _____

Ceist 3 (a) Cén moladh a thugann na dreamanna éagsúla seo chun dul i ngleic leis na fadhbanna áirithe:

An Rialtas
Batt O'Keeffe
Aerfort Chorcaí

(b) Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

Ceist 4 *ag déanamh / á dhéanamh / a dhéanamh*

(a) Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na samplaí i *gcló iodálach* thuas?

(b) Cuirigí na briathra seo (a bhí le cloisteáil sa mhír) in abairtí leis an ghné thuas a léiriú:

Pléigh
Coimeád
Caomhnaigh
Mol
Úsáid

Sampla:
Tá sé ag cur sneachta inniu.
Ba mhaith liom an Ghaeilge a chur chun cinn sa scoil.
Tá an Ghaeilge á cur chun cinn aige sa scoil.

Ceist 5 Aimsigh na focail a bhí le cloisteáil sa mhír a bhfuil malairt brí acu leis na focail seo a leanas:

laghdú	_____
chomh hard	_____
ag dul in olcas	_____
go hidirnáisiúnta	_____
míchúramach	_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo thíos leis na daoine i do ghrúpa:

Conas mar atá an aimsir i do cheantar féin?
Cad is cúis leis an droch-aimsir seo, dar leat?
An síleann tú go bhfuil an rialtas ag déileáil go héifeachtúil leis na fadhbanna ar fad a bhaineann leis an droch-aimsir?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Iarr ar gach beirt plé a dhéanamh ar a bhfuil ar eolas acu faoi na scéalta nuachta seo.

Ceist 2

1. emergency committee coiste éigeandála
2. to discuss a phlé
3. local authorities údaráis áitiúla
4. to limit teorainn a chur le
5. reservoirs taiscumair
6. warning foláireamh
7. doing their best ag déanamh a ndíchill
8. normal practice gnáthchleachtas
9. weather conditions cúinsí aimsire
10. thawing ag leá

Ceist 3

(a) An Rialtas – Tá an rialtas ag impí ar gach duine uisce a chaomhnú de bharr ganntanas uisce in áiteanna áirithe sa tír.

Batt O'Keeffe – Go leanfaí leis an ghnáthchleactas scoile, go bhfuil gach scoil sa tír freagrach as an scoil a oscailt nó a choinneáil dúnta, ag brath ar an aimsir i gceantar na scoile sin.

Aerfort Chorcaí – Moltar eitiltí ar fad a sheiceáil leis na haerlínte.

(b) Iarr ar na foghlaimeoirí a gcuid freagraí a chur i gcomparáid lena chéile.

Ceist 4

(a) An t-ainm briathartha

(b) *Pléigh*

Chaith siad an oíche ar fad ag plé an ábhair.
Tá an t-ábhar á phlé faoi láthair acu.
Bhí cruinniú acu leis an ábhar a phlé.

Coimeád
Tá an fear sin ag coimeád a chuid airgid.
Tá a chuid airgid á choimeád go maith aige.
Caithfidh tú an scéal a choimeád faoi rún.

Caomhnaigh
Tá na hIodálaigh go maith ag caomhnú a gcultúir.
Tá uisce á chaomhnú ag muintir na cathrach.
Tá foláireamh tugtha ag an rialtas uisce a chaomhnú.

Mol
Táthar ag moladh do phaisinéirí dul abhaile.
Bhí a lán daoine á moladh go hard na spéire.
Caithfidh muid an duine sin a mholadh ar ball.

Úsáid
Tá muintir na hÉireann ag úsáid an iomarca uisce.
Tá an t-uisce ar fad á úsáid róthapa.
Caithfidh siad an t-uisce a úsáid.

Ceist 5

laghdú	méadú
chomh hard	chomh híseal
ag dul in olcas	ag dul i bhfeabhas
go hidirnáisiúnta	go háitiúil
míchúramach	cúramach

Ceist 6
Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna anseo a phlé.

Droch-aimsir

Irene Ní Nualláin

Bhí cruinniú ag coiste éigeandála an rialtais ar maidin le cúrsaí aimsire a phlé. Tháinig méadú fiche cúig faoin gcéad ar úsáid uisce i mBaile Átha Cliath inné, agus tá sé údarás áitiúil sa chontae [1] ag cur teorann leis an méid uisce ar féidir a úsáid de bharr ganntanas uisce. Tuairiscítear nach bhfuil mórán uisce fágtha [2] i dtaiscumair ar fud na tíre agus nach raibh leibhéal an uisce chomh híseal riamh i gcuid acu. Tá foláireamh tugtha ag an rialtas uisce a chaomhnú.

Brian Cowen

Chonaiceamar go bhfuil a lán oibre [3] á dhéanamh ag na húdaráis áitiúla, a lán daoine chun na bóithre a choimeád oscailte agus go mbeadh daoine in ann saol eacnamaíochta na tíre a chur chun cinn in ainneoin na drochaimsire [4] atá againn. I mo thuairimse tá gach éinne ag déanamh a ndíchill chun go mbeimis [5] in ann dul ar aghaidh mar ba ghnáth.

Irene Ní Nualláin

Agus cúrsaí aimsire ag dul chun feabhais inniu, d'fhógair an tAire Oideachais, Batt O'Keeffe go bhfillfí ar ghnáthchleachtais maidir le hoscailt [6] scoile, is é sin go ndéanfaí an cinneadh go háitiúil ag brath ar chúinsí aimsire sa cheantar agus scoileanna a bhfuil sé ar a gcumas oscailt amárach gur cheart dóibh sin a dhéanamh.

Tá Aerfort Chorcaí oscailte arís tar éis a bheith dúnta ar feadh sé uair a chloig déag de bharr sneachta trom. Táthar ag moladh do phaisinéirí seiceáil leis na haerlínte maidir lena n-eitiltí. Agus, cé go bhfuil an sneachta agus leac oighir tosaithe ag leá, táthar ag moladh do dhaoine a bheith cúramach mar go bhfuil bóithre fós sleamhain in áiteanna. [7]

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4, Baile Átha Cliath.

[1] sa gcontae a deirtear
[2] fanta a deirtear
[3] obair a deirtear
[4] an drochaimsir a deirtear
[5] go mbeadh muid a deirtear
[6] le oscailt a deirtear
[7] in áiteacha a deirtear.